C/2024/2219

22.3.2024

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Márta 2024

maidir le laethanta saoire in 2025 d'oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá ag obair sa Bhruiséil agus i Lucsamburg

(C/2024/2219)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus do Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS) a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 61 de na Rialacháin Foirne, mar aon le hAirteagail 16 agus 91 de CEOS,

Ag féachaint do na comhrialacha lena leagtar síos liosta laethanta saoire poiblí Oifigigh na gComhphobal Eorpach [2], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Foirne,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Rialacháin Foirne,

Ag féachaint don tuairim ó na Cinn Riaracháin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 61 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Airteagail 16 agus 91 de CEOS, ba cheart liosta na laethanta saoire poiblí in 2025 d'oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá ag obair sa Bhruiséil agus i Lucsamburg a ghlacadh.

(2) In 2025, is ar an 20 Aibreán a bheidh Domhnach Cásca.

(3) In 2025, beidh an 24 Nollaig ann ar an gCéadaoin.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal Aonair

Is iad seo a leanas na laethanta saoire in 2025 do bhaill foirne atá ag obair sa Bhruiséil agus i Lucsamburg:

An 1 Eanáir	Lá caille
An 2 Eanáir	An lá tar éis lá caille
An 17 Aibreán	Déardaoin Mandála
An 18 Aibreán	Aoine an Chéasta
An 21 Aibreán	Luan Cásca
An 1 Bealtaine	Lá an Lucht Oibre
An 9 Bealtaine	Comóradh Dhearbhú Robert Schuman 1950
An 29 Bealtaine	Déardaoin Deascabhála
An 30 Bealtaine	An lá tar éis Dhéardaoin Deascabhála
An 9 Meitheamh	Luan Cincíse

[1] IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.
[2] SEC(66) 3621.

An 23 Meitheamh*	Lá Náisiúnta Lucsamburg * lá a dheonaítear do bhaill foirne atá ag obair i Lucsamburg
An 21 Iúil**	Lá Náisiúnta na Beilge ** lá a dheonaítear do bhaill foirne atá ag obair sa Bhruiséil
An 15 Lúnasa	Lá Fhéile Muire Mór san Fhómhar
An 24 Nollaig go dtí An 31 Nollaig	6 lá i ndeireadh na bliana
IOMLÁN 2025	**18 lá**

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Coimisinéir
Johannes HAHN